

Tú féin agus do Leanbh
Heipitéas B



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Má tá heipitéas B ort agus tú torrach, ag pleanáil clainne, nó má tá leanbh díreach tugtha ar an saol agat nó má tá leanaí agat cheana, gheobhaidh tú eolas sa bhileog seo ar chosaint do linbh agus do leanaí.

Bíonn imdhíonadh thar a bheith éifeachtach i gcosc ionfhabhtaithe heipitéas B i measc leanaí.

Céard is heipitéas B ann?

Is víreas é Heipitéas B, a théann i bhfeidhm ar an ae agus bíonn sé in ann fíor-dhrochthinneas a chur ort. Scaiptear é trí theagmháil le fuil nó sreabháin choirp an duine atá ionfhabhtaithe.


Ní éiríonn le daoine áirithe a bhfuil heipitéas B orthu an víreas a chur díobh riamh agus d'fhéadfadh sé a bheith orthu ar feadh a saoil go léir. Is ionann é seo agus heipitéas B ainsealach agus tugtar "iompróirí" ar na daoine a bhfuil sé orthu.

Tarlaíonn sé i gcás daoine áirithe díobh seo, go dtagann galar ae tromchúiseach orthu.

Ní thagann aon airí ar iompróirí áirithe agus d'fhéadfaidís an galar a scaipeadh go daoine eile i ngan fhios dóibh féin.

Céard is ceart dom a dhéanamh má tá mé torrach?

Ba cheart go ndéanfaí tástáil ar mhná torracha le haghaidh heipitéas B. Má fhaigheann tú toradh dearfach, ba cheart go gcuirfidh do chnámhseoir nó do dhochtúir teaghligh tú ar aghaidh go dtí speisialtóir, a dhéanfaidh tástálacha ae sa bhreis agus a chuirfidh comhairle ort i leith na cóireála.



Cén baol atá ann don leanbh?

Is féidir leat heipitéas B a chur ar do leanbh ag am breithe nó go luath i ndiaidh na breithe, mura bhfuil imdhíonadh déanta air/uirthi.

Is mó an baol d'ionfhabhtú ainsealach i gcás leanaí a bhíonn ionfhabhtaithe le heipitéas B agus iad go hóg. Tagann ionfhabhtú ainsealach ar suas le 90% de na leanaí a bhíonn ionfhabhtaithe ag am breithe. Is minic go mbíonn fadhbanna sláinte i gceist níos faide anonn sa saol, mar gheall air seo.

Cén chaoi ar féidir liom mo leanbh a chosaint?

Is é an bealach is fearr chun do leanbh nuabheirthe a chosaint ar heipitéas B, ná imdhíonadh. Is ionann imdhíonadh agus vacsaín heipitéas B, in éineacht le glóbailin imdhíonta heipitéas B.

- Ba cheart an chéad dáileog de vacsaín heipitéas B, chomh maith le dáileog de ghlóbailin imdhíonta heipitéas B, a thabhairt do leanbh taobh sitigh de 24 uair ón mbreith.
- Bí cinnte go dtugtar na chéad dáileoga eile den vacsaín do do leanbh - ag 2, 4, agus 6 mhí d'aois de ghnáth, mar chuid de sceideal vacsaínithe rialta na hóige.
- Déanfaidh do dhochtúir tástáil fola ag 12 mhí d'aois le seiceáil an bhfuil do leanbh ionfhabhtaithe. Mura bhfuil aon ionfhabhtú ar do leanbh, déantar seiceáil air/uirthi leis an tástáil fola, le fáil amach an bhfuil do leanbh á c(h)osaint ag an vacsaín.
- Bíonn breis is 95% de na leanaí a fhaigheann sceideal iomlán na vacsaíne do heipitéas B agus an ghlóbailin imdhíonta heipitéas B, á gcosaint ar heipitéas B.

Bí cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitéas B ag an am ceart, ionas go mbeidh sé/sí á c(h)osaint.



An bhfuil an vacsaín do heipitíteas B, sábháilte?

- Tá an vacsaín do heipitíteas B, sábháilte agus éifeachtach.
- Ar na seachthorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann, bíonn sciathán tinn agus deirge ar an áit ar tugadh an t-instealladh.
- Is féidir an vacsaín do heipitíteas B a thabhairt ag an am céanna le vacsaíní eile do leanaí.
- Ní táirge fola í an vacsaín do heipitíteas B.
- Ní féidir heipitíteas B a thógáil ón vacsaín.


Céard is glóbailin imdhíonta heipitíteas B ann?

- D'fhéadfadh glóbailin imdhíonta heipitíteas B a bheith ina cosaint luath do dhaoine atá faoi phriacal mór ionfhabhtaithe, amhail leanaí nuabheirthe ag máithreacha ionfhabhtaithe
- Is táirge fola í. Déantar tástáil chúramach ar dheontóirí fola. Déantar an fhuil a thástáil agus déantar cóireáil uirthi, chun an baol ionfhabhtaithe a laghdú.
- Ní chuireann sí isteach ar vacsaíní eile a thugtar le linn naíonachta.

Ní dhéanfaidh gearradh Caesarach cosaint ar do leanbh ar heipitíteas B.

Bíonn sé sábháilte cíoch a thabhairt do do leanbh.

Ní bhíonn heipitíteas B á scaipeadh trí bhainne cíche.



Cén chaoi ar féidir liom mo leanaí eile a chosaint?

D'fhéadfadh leanaí atá in gcónaí i dteach le hiompróir heipitíteas B, a bheith ionfhabhtaithe. Bíonn heipitíteas B in ann scaipeadh ó leanbh nó ó dhuine fásta ionfhabhtaithe go dtí na leanaí eile, mura bhfuil vacsaíniú déanta orthu.

Bíodh vacsaíniú déanta ar do leanaí eile, chun iad a chosaint ar ionfhabhtú. Má tá heipitíteas B ortsa nó ar dhuine ar bith eile i do theaghlach, ba cheart duit do leanaí a thabhairt ag an dochtúir teaghlaigh le haghaidh vacsaíniú.

Ní féidir heipitíteas B a scaipeadh trí

- Sraothartach ná casacht
- Pógadh ná barróga
- Cothú cíche
- Bia ná uisce
- Soithí ná gloiní a roinnt
- Gnáth-theagmháil (mar a bhíonn ar siúl in áit oibre, mar shampla)

Ní cheart go mbeadh cosc ort maidir le cúram leanaí, scoil, obair, ná gníomhaíochtaí eile, mar go bhfuil heipitíteas B ort.

Cuimhnigh:

Bí cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitíteas B ag an am ceart, ionas go mbeidh sé/sí á c(h)osaint.

Cuimhnigh:

Bí cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitéas B ag an am ceart, ionas go mbeidh sé/sí á c(h)osaint.

Conas is féidir liom a thuilleadh a fhoghlaim?

Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi heipitéas B ó na foinsí seo a leanas:

- Do dhochtúir teaghlaigh
- Roinn áitiúil um shláinte an phobail, de chuid FSS
- www.hpsc.ie

Is féidir bileoga eile a fháil faoi heipitéas B, ar na suímh ghréasáin seo a leanas:

- www.hpsc.ie
- www.cdc.gov/ncidod/diseases
- www.who.int

Dáta: Nollaig 2008

Dáta athbhreithnithe: Nollaig 2010

Údair: An Coiste um Heipitéas B agus C,
Sláinte an Phobail - Cosaint Sláinte,
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive